

Sonraí

	Céim 1 (Naíonáin Bheaga agus Mhóra)	Céim 2 (Rang a hAon agus a Dó)	Céim 3 (Rang a Trí agus a Ceathair)	Céim 4 (Rang a Cúig agus a Sé)
<i>Trí eispéiris chúí foghlama spraiúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh an páiste in ann</i>				
Torthaí Foghlama	sonraí a fhiosrú, a léirmhíniú agus a mhíniú ar roinnt bealaí le haghaidh réimse críocho.	ceisteanna atá ina n-ábhair spéise a chur agus sonraí a thairneadh agus a úsáid mar fhianaise chun na ceisteanna céanna a fhreagairt, agus chun na torthaí a chur in iúl.	ceisteanna atá ina n-ábhair spéise a chur agus sonraí a bhailiú agus a thaispeáint agus a anailísiú go criticiúil ar réimse bealaí le haghaidh réimse críocho, agus na torthaí a chur in iúl.	ceisteanna a chur agus sonraí a bhailiú, a chur i gcomparáid, a achoimriú agus a léiriú go roghnach chun na ceisteanna céanna a fhreagairt. torthaí a anailísiú go criticiúil agus a mheas; agus tátail, conclúidí agus impleachtaí na dtorthaí a chur in iúl.
Coincheapa matamaiticiúla	Tá sonraí thart timpeall orainn agus cuidíonn siad linn an domhain a léirmhíniú.	Tá iniúchtaí cioglach agus cuirtear tús leo ach ceist a chur.	Is féidir le léaráidí sonraí go leor eolais a bheith iontu is féidir a dhéanamh amach chun cinntí agus inféirís a dhéanamh.	Is tomhais ar lár iad meán, airmheán agus/nó mód a chuireann lár dhifriúla de na sonraí in iúl agus cuireann siad réimse léargas ar fáil.
	Is bailiúchán eolais é tacar sonraí atá in ann freagraí a chur ar fáil dúinn ar na ceisteanna a chuirimid.	Cuimsítear próiseas le hiniúchtaí sonraí, ina ndéantar sonraí a thiomsú, a léiriú agus a anailísiú agus torthaí a chur in iúl a fhreagraíonn ceisteanna.	Roghnaítear taispeántais sonraí agus cosnaítear iad bunaithe ar a fheabhas a chuireann réimsí na sonraí in iúl agus a fhreagraíonn siad na ceisteanna a chuirtear. Is féidir tuilleadh comparáide agus anailíse a dhéanamh ach athrú idir léaráidí na sonraí.	Is féidir samplaí a fháil ó réimse sonraí mar fhianaise ionadaíoch, chun teacht ar ghinearáluithe agus fáil amach a mhuiníní agus a chinnte atá an ginearálú.
	Is féidir sonraí a bhailiú agus a léiriú ar bhealaí difriúla.	Uaireanta bíonn sonraí cáilíochtúil (déanann siad cur síos ar rud éigin) nó bíonn siad cainníochtúil (tá luach uimhriúil i gceist leo).	Is achoimrí aon-uimhreach iad tomhais ar lár (m.sh. meán mar sciar cothrom, agus airmheán mar luach atá ordaithe sa lár de na sonraí) ar dháilte iomlána.	Is féidir sonraí tuairiscithe a mheas de réir a ionadaíoch, a thoiliúil agus a iontaoifa atá siad.
	Is féidir sonraí a bhailiú agus a léiriú ar bhealaí difriúla.	Bíonn graif dhifriúla agus tomhais dhifriúla ag teastáil ó chineálacha éagsúla sonraí.	Is tomhas é réimse a úsáidtear chun inathraitheacht nó scaipeadh na sonraí a fháil.	Is féidir léaráidí sonraí (m.sh. graif) a úsáid chun inathraitheacht sna sonraí a chur in iúl, chomh maith leis na tomhais ar lár agus chun comparáid a dhéanamh idir an dá ghrúpa.
	Is bealach áisiúil chun eolas a chur in iúl iad léaráidí sonraí (m.sh., táblaí, graif phictiúir, graif bhloic) chun eolas a thabhairt chun solais.	Is uirlisí iad graif a chuireann dáileadh, cruth, lár agus éagsúlacht sonraí in iúl.	Is féidir anailísiú a dhéanamh ar shonraí chun breathnuithe nó tátail a dhéanamh agus chun teacht ar chonclúidí.	
	Is féidir réada agus tacair a réiteach de réir aitreabúid amháin nó níos mó.		Is éard atá i gceist le hinfeireas neamhfhoirmeálta, breathnú taobh thiar de na sonraí a bailíodh (sampla) i gcomhthéacs níos leithne (daonra).	
			Is féidir sonraí a dháileadh ar bhealaí éagsúla. Is féidir a leithéid de dháilte sonraí a chur i gcomparáid lena chéile de réir a gcruitha.	